Seirbhís Idirchreidimh ag an mBalla Cuimhneacháin, Reilig Ghlas Naíon

3ú Aibreán, 2016

Áirithe sa tseirbhís seo bhí rannpháirtíocht ó na príomheagrais chreidimh go léir chun na daoine ar fad a maraíodh i rith Éirí Amach 1916 a thabhairt chun cuimhne - Óglaigh na hÉireann, Arm Cathartha na hÉireann, Arm na Breataine, Póilíní Chathair Átha Cliath agus Constáblacht Ríoga na hÉireann, mar aon le sibhialtaigh a raibh leanaí ina measc. Leag an Taoiseach bláthfhleasc agus nocht na páistí scoile áitiúla an Balla Cuimhneacháin a bhfuil ainmneacha na ndaoine ar fad a maraíodh inscríofa air.

Tionscnamh de chuid Iontaobhas Ghlas Naíon is ea Balla Liosta na Marbh agus fuarthas an inspioráid ón gCuimhneachán Idirnáisiúnta iontach atá ag Notre Dame de Lorette sa Fhrainc. Ba iad ceannairí na Fraince, na Ríochta Aontaithe agus na Gearmáine a thionscain an "Fáinne Cuimhneacháin". Air sin, déantar taifead in ord aibítre, gan aon idirdhealú náisiúnachais, céime na creidimh, ar ainmneacha na saighdiúirí a maraíodh ar pháirceanna catha Thuaisceart na Fraince i rith an Chéad Chogaidh Mhóir.

Tá fáil anseo ar an mbróisiúr don tSeirbhís Idirchreidimh ag Reilig Ghlas Naíon agus tá cóip chrua den bhróisiúr le fáil ach teagmháil a dhéanamh le protocol@taoiseach.gov.ie.